

Is doiligh olainn a bhaint de ghabhar: tráchttaireacht an mhúinteora ar imleabhair Bhailiúchán na Scol¹

1. Réamhrá

Ar nós foinsé stairiúil ar bith ní mór a chur san áireamh nach léargas barántúil ar a ré féin é Bailiúchán na Scol ach táirge a cruthaíodh agus a múnlaíodh de réir idé-eolaíocht a linne agus a léiríonn dearcadh agus claonadh na ndaoine a raibh páirt acu ann. An cnuasach ollmhór seo a bhailigh páistí scoile sna 1930idí agus a bhfuil digitíú déanta air le gairid, is toradh é ar roghanna a rinneadh ag an am. Ba iad na múinteoirí, go háirithe, a roghnaigh céard a bhí oiriúnach, luachmhar agus fiúntach i measc an iliomad scéalta agus téamaí a bhféadfaí díriú orthu. Ar an dóigh sin tá Bailiúchán na Scol éagsúil ó bhailiúcháin eile Choimisiún Béaloideas Éireann (CBÉ) sa mhéid is go raibh fórsaí breise ag imirt tionchair ar chuntais na bhfaisnéiseoirí. D'fheidhmigh na múinteoirí seo mar idirghabhálaithe idir foireann an Choimisiúin agus a gcuid faisnéiseoirí agus tá gnéithe sainiúla ag baint le hábhar Bhailiúchán na Scol de thoradh ar an achar seo idir na béaloideasaithe lánaimseartha agus a n-ábhar staidéir. San alt seo, féachtar ar na múinteoirí úd le fáil amach cérbh iad féin agus cén tionchar a bhí acu ar ábhar Bhailiúchán na Scol. Baintear feidhm go háirithe as na nótaí a d'fhág siad féin sna himleabhair agus as sonraí eile atá sna leabhair chéanna le tulleadh tuisceana a fháil orthu. Léiríonn an fhianaise sin an ról lánach a bhí ag na múinteoirí i roghnú agus i gcur i láthair an ábhair.

2. Cúlra: Scéim na Scol agus nóta faoin modheolaíocht

Tá cur síos cuimsitheach déanta ar Scéim na Scol ag údair eile², agus ní gá a lua anseo ach gur scéim náisiúnta a bhí i gceist inar bhailigh daltaí scoile ábhar béaloidis ina gceantair féin idir 1937 agus 1939. I measc an ábhair a bhailigh siad tá stairsheanchas, dinnseanchas, scéalta bealoidis agus finscéalta, tomhais agus seanfhocail, cluichí agus caithimh aimsire, modhanna oibre agus ceirdeanna. Óna dtuismitheoirí, a dtuismitheoirí siúd, agus óna gcomharsana a bhailigh na páistí an t-ábhar.

Leagadh béim, san ábhar eolais agus poiblíochta a scaipeadh ag an am, ar thábhacht náisiúnta na hoibre. Sa treoirleabhar a cuireadh amach chuig na scoileanna, mar shampla, dúradh: 'Obair náisiúnta iseadh seanchas na h-Éireann do chnuasach. Ní fearr daoine chun lámh chonganta do thabhairt san obair sin ná na múinteoirí agus na leanbhaí fásta atá fé n-a gcúram'.³ Bhí dioscúrsa den chineál céanna ag tráchtairí na linne: 'The Collection of folklore is a work of very great national importance, and second only to the salvation of the

¹ Ba mhaith leis na húdair a mbuíochoas a ghabháil leo sin a chuir cúnamh agus comhairle ar fáil dóibh agus taighde á dhéanamh don alt seo, go háirithe Brendan Walsh (DCU), Thomas Walsh (NUIM) agus Críostóir Mac Cárthaigh (UCD). Comhthionscadal é www.duchas.ie idir Fiontar & Scoil na Gaeilge (DCU), Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD) agus An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta agus ó UCD.

² Féach Ó Catháin, S., 1988, 'Súil siar ar Scéim na Scol 1937-1938' in *Sinsear* 5, 19-30; Ó Catháin, S., 1999, 'Scéim na Scol' in Farren & Hoken (eag.) *"It's us they're talking about": Proceedings of the McGlinchey Summer School 1998*, gan uimhriú; Briody, M., 2007, *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology, Methodology*, Helsinki.

³ Coimisiún Béaloideas Éireann, 1937, *Béaloideas Éireann*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais, 3.

language...[It] is absolutely necessary for our future national welfare. If we fail we will lose a very great national heritage'.⁴

Sheol na scoileanna dhá rud ar ais chuig CBÉ: cuid de chóipleabhair na ndaltaí féin, agus imleabhair mhóra inár tras-scríobhadh ábhar roghnaithe as na cóipleabhair sin, 'na cnuasaigh is fearr d'eolas agus d'amhrán agus de scéalta'⁵. Ba faoin múinteoir a bhí sé an t-ábhar sin a roghnú agus is iad na roghanna a rinne na múinteoirí úd a mhúnlaigh Bailiúchán na Scol mar atá againn inniu.

Idir 2012 agus 2016, mar chuid de thionscadal Dúchas.ie, rinneadh innéacsú digiteach ar imleabhair uile Bhailiúchán na Scol agus cuireadh ar fáil ar líne iad. Chuige sin, rinneadh iniúchadh ar gach uile scéal⁶. Bunaítear an anailís agus na samplaí a thugtar anseo go mórmhór ar ábhar spéise a tháinig aníos sna himleabhair sin agus an obair sin ar siúl. Is ar anailís ar na himleabhair, agus ní ar na cóipleabhair, atá an t-alt seo bunaithe. Bheadh sé barrspéisiúil féachaint ar na difríochtaí idir na himleabhair agus na cóipleabhair - ach tá sé sin lasmuigh de scóip an ailt seo. Ní anailís staitisticíúil atá i gceist. Is é an cur chuige a leanadh ná gur tiomsaíodh na nótaí brollaigh agus nótaí eile a bhreac múinteoirí áirithe ina gcuid imleabhar agus marcáladh tuairimí a bhí suntasach nó spéisiúil. Ní miste a chur san áireamh nár fhág an-chuid de na múinteoirí nóta ar bith. Mar sin féin, tá go leor fianaise i measc na nótaí a fágadh le léargas áirithe a fháil ar an nglúin múinteoirí seo faoi mar a bhaineann lena ndearcadh i leith Scéim na Scol.

3.1 Comhthéacs: scoileanna agus curaclam na linne

Is beag taighde a bhí ar siúl ar chúrsaí oideachais sa Saorstát i rith thréimhse Scéim na Scol, agus is beag ábhar scríofa atá ar fáil ón thréimhse sin a dhéanann cur síos ar an gcuraclam laethúil agus ar an gcaoi ar cuireadh i bhfeidhm é.⁷ Is beag spéis a léirigh sochaí na huaire i gcúrsaí oideachais: mar a deir Walsh,⁸ is beag foilseachán a bhí ann faoi chúrsaí oideachais, is beag taighde a rinneadh faoin ábhar, agus ba bheag spéis na meán ann.

Ba í príomhspríoc an chórais oideachais tar éis 1922 athbheochan na Gaeilge, agus leagadh béim dá réir sin ar an teanga, i gceantair Ghaeltachta agus Ghalltachta araon. Is í gcomhthéacs an náisiúnachais agus an tírghrá, seachas comhthéacs an oideachais agus na

⁴ D. Downing, cigire ceantair, Gaillimh, 'National Folklore: Children and Parents asked to help', *Connacht Tribune*, 20.11.1937, 22.

⁵ Ciorclán 9/37 den Roinn Oideachais, 1937, 'Oideachas Náisiúnta. Cearcalán do Bhainisteoirí agus d'Oidí Scol Náisiúnta. Scéim um Bhéaloideas do Chnuasach agus do Bhuanú'. Ciorclán a sheol an Roinn Oideachais chuig na scoileanna náisiúnta uile i Meán Fómhair 1937 agus é sínithe ag Seosamh Ó Néill, Rúnaí na Roinne.

⁶ Maidir leis an obair seo, féach na foilseacháin seo thíos:

Ó Cleircín, G., Bale, A. agus Ó Raghallaigh, B., 2014, 'Dúchas.ie: ré nua i stair Chnuasach Bhéaloideas Éireann', *Béaloideas* 82: 84-97.

Bhreathnach, Ú., Ó Raghallaigh, B., Ó Cleircín, G. agus Mag Eacháin, C., le foilsiú 2017, 'Managing the Digitisation of the Irish National Folklore Collection: Balancing User Needs and Digital Preservation', Imeachtaí DRHA 2015 [sonraí le teacht].

⁷ Walsh, T., 2012, *Primary Education in Ireland, 1897-1990: Curriculum and Context*. Bern: Peter Lang, 105, 199. Tá cur síos in Walsh, B., 2016, 'Teachers' Experience of School: First-hand Accounts, 1943-1965' (in Walsh, B. ead., 2016, *Essays in the History of Irish Education*. Basingstoke: Palgrave Macmillan: 203-233) ar thaithí na ndaltaí ar a gcuid scoileanna, ach dírtear den chuid is mó ar na meánscoileanna.

⁸ 2012, *op.cit.*, 118

teangeolaíochta (nó go deimhin na sochtheangeolaíochta) a tugadh faoin athbheochan sin, agus bhí a lorg sin ar na torthaí sna scoileanna:

We realised that without a vision the people perished. We realised that there was nowhere the children could move on the social ladder except upwards. Personally, I realised that motivation was a first requisite if the lost children of the nation were to be cherished. So we set out to establish something bright and shining, in which the Irish language would play an important part.⁹

Mar a bheidh le feiceáil thíos, chonacthas do chuid de na múinteoirí gur scéim bhailithe ábhair Gaeilge amháin a bhí i gceist le Bailiúchán na Scol, agus chuir cuid acu de dhua orthu féin ábhar Béarla a aistriú, fiú. Is léir an nasc a chonacthas idir béaloideas, stair agus an Ghaeilge. De réir mar a chuaigh na 1920idí agus na 1930idí ar aghaidh, mar sin féin, is amhlaidh a mhaolaigh ar an dea-thoil agus ar an díocas i measc múinteoirí, go háirithe i bhfianaise neamhshuim an phobail, íslíú pá, easpa tacaíochta i bhfoghlaim na teanga agus brú ó chigirí.¹⁰

Is eol dúinn chomh maith gur córas an-lárnaithe a bhí i gceist, agus smacht ag an Rialtas ar an gcuraclam. Bhí an Eaglais Chaitliceach lánach i mbainistiú agus in úinéireacht fhorhór mór na scoileanna, agus smacht dá réir aici ar fhostú múinteoirí agus ar an obair ó lá go lá.¹¹ Cé gur scoileanna Caitliceacha is mó a bhí páirteach i Scéim na Scol, ghlac scoileanna Preispitéireacha, Meitidisteacha agus Eaglais na hÉireann páirt inti freisin, go háirithe i gcontaetha Dhún na nGall, an Chabháin, Mhuineacháin, Chill Mhantáin agus Loch Garman. Níor aimsíodh mórán leideanna den tuairim a bhí ag múinteoirí na scoileanna seo i leith na Scéime ach déanann Mabel Vaughan, oide Scoil Ráth an Chuilinn, Loch Garman, cur síos ar na deacrachtaí a bhí acu féin cé go raibh sí dearfach ina taobh:

I am sorry the number of books is not more but we are one of the very small Protestant Schools. I also regret that the amount of material is not great - this district is peopled with Cromwellian planter stock (besides being very much 'The Pale') and very little of the original Irish traditions exist so that the collection of folk lore is not always easy to obtain. It was however a delight to do the little I was able to do and my pupils in Hollyfort were keenly interested in this work.¹²

Maidir leis na téacsleabhra a bhí in úsáid tar éis 1922, chuir siad spriocanna an tSaorstáit agus na hEaglaise chun cinn: 'themes of patriotism, militarism and anti-Englishness were pervasive and served to marginalise non-Catholics in independent Ireland.'¹³ Ba í Éire féin lártéama go leor de na leabhair. De réir nótaí na gcigirí sna 1920í agus na 1930í, níor tugadh mórán airde ar an stair áitiúil sna scoileanna, agus ba bheag eolas ná spéis a bhí ag na múinteoirí san ábhar, ná ní mórán foinsí eolais a bhí ar fáil dóibh.¹⁴

⁹ MacMahon, B., 1992, *The Master*. Baile Átha Cliath: Poolbeg, 8-9

¹⁰ Walsh, 2012, *op.cit.*, 105-109 agus *passim*

¹¹ Walsh, 2012, *op.cit.*, 89

¹² CBÉS 888:167-68. Déantar tagairt do leathanaigh as Bailiúchán na Scol ag úsáid an chórais tagartha CBÉS [imleabhar]:[lch]. Tá na scéalta uile ar fáil ag www.duchas.ie.

¹³ Walsh, 2012, *op.cit.*, 105; féach freisin Farren, S., 1995, *The Politics of Irish Education 1920-65*. Béal Feirste: The Queen's University of Belfast, 147-8

¹⁴ Walsh, 2012, *op.cit.*, 177 agus 180

3.2 Comhthéacs: na múinteoirí

Tá go leor scríofa faoi mheon na bpolaiteoirí agus faoi dhearcadh fhoireann an Choimisiúin, a raibh na múinteoirí go mór faoina n-anáil, i leith an bhéaloidis.¹⁵ Luann Briody an fás sa phiúratánachas in Éireann le linn na tréimhse seo, agus an tionchar a bhí aige sin ar bhailiú béaloidis:

As a result of this growing puritanism, certain types of folklore were under-collected and certain aspects of folk life under-investigated, not due to any directive from above as such, but simply because many collectors (and some informants), for whatever reason, steered clear of such matters.¹⁶

Má bhí fás sa phiúratánachas sa phobal go ginearálta, is cinnte go raibh fás níos mó fós ann sna scoileanna agus bhí na múinteoirí, is cosúil, coiméadach agus cúramach go minic. Idir 1938 agus 1948, b'éigean do mhúinteoirí mná dul ar scor luath; chomh maith leis sin, bhí ar mhúinteoirí mná éirí as a bpost ar phósadh dóibh idir 1934 agus 1958.¹⁷ De thoradh na rialacha seo, agus toisc gurbh iad na príomhoidí a bhí freagrach as an obair, go hiondúil, ba fhir iad formhór na múinteoirí a ghlac páirt sa Scéim.

Chaith múinteoirí a lán de na 1920idí agus na 1930idí ag troid in aghaidh ciorruithe pá, agus is cinnte gur bhain sé seo cuid den loinnir den dóchas a bhí ann don chóras oideachais ag bunú an tSaorstáit.¹⁸ Bhí dúshláin eile rompu, ar ndóigh: seanfhoirgnimh, scoileanna beaga, ranganna móra, rátaí íseal freastail,¹⁹ agus, dá bhformhór, an Ghaeilge féin agus a háit lánach sa churaclam²⁰.

Bhí traenáil fhoirmiúil faighte ag formhór mór na múinteoirí faoin tréimhse atá i gceist.²¹ Mar gheall ar an ngá le múinteoirí le Gaeilge, ba i gceantair Ghaeltachta agus dírithe ar mhuintir na Gaeltachta go háirithe a bhí formhór na gcoláistí ullmhúcháin a bunaíodh i lár na 1920idí, agus bhí na coláistí traenála dírithe ar an teanga agus ar mhuintir na Gaeltachta dá réir. Dar le Walsh²² gurb é an toradh ar an gcóras iontrála agus ar an gcóras traenála cúng, agus an easpa spéise ón tsochaí, gur daoine coiméadacha, go minic, iad na múinteoirí a tháinig as. Tagann MacMahon leis seo:

¹⁵ Luann Briody, mar shampla, an claonadh i leith seanábhar seachas 'cré bheo' (Ó Cadhain) na Gaeltachta (444); an claonadh i leith ábhar tuaithe seachas ábhar cathrach ('the shoddy imported culture of the towns': Ó Súilleabhain, S., (1970 [1942]). *A Handbook of Irish Folklore*. Detroit: Singing Tree Press., luaite in Briody, 447); faillí i gceantair tuaithe sa Ghalltacht (455); agus easpa ban i measc na mbailitheoirí agus na scéalaithe. Briody, M., (2007), *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, ideology, methodology*. Helsinki: Finnish Literature Society.

Léiríú eile ar an gclaonadh sin i gcoinne na cathrach go raibh sé de chead ag scoileanna Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge gan páirt a ghlacadh i Scéim na Scol.

¹⁶ Briody, 2007, *op.cit.* 55

¹⁷ Walsh, 2012, *op.cit.*, 111

¹⁸ Walsh, 2012, *op.cit.*, 109

¹⁹ Walsh, 2012, *op.cit.*, 125, agus MacMahon 1992, *op.cit.*, *passim*

²⁰ Farren, 1995, *op.cit.*, 148-152

²¹ Walsh, 2012, *op.cit.*, 109

²² 2012, *op.cit.*, 111

The government of the day acquired these students cheaply, trained them cheaply, and, hand in glove with the ecclesiastical authorities, sent them out into the land confident that, subject to rigid inspection, they would display the qualities of dedication, humility, and obedience. Which, to a considerable extent, they did.²³

Is féidir glacadh leis go raibh cuid de na múinteoirí óga seo páirteach in obair Scéim na Scol. Ar an láimh eile, bhí múinteoirí a bhí níos sine agus ar dheacair orthu an Ghaeilge a fhoghlaim agus a mhúineadh, go háirithe nuair ba bheag an tacaíocht phraiticiúil chuide seo a cuireadh ar fáil dóibh.²⁴

Is cosúil go raibh spéis ag go leor múinteoirí sa bhéaloideas, agus coistí agus cumainn béaloidis á mbunú faoi scáth craobhacha áitiúla de chuid Chumann Múinteoirí Éireann.²⁵ Formhór bhailitheoirí CBÉ, ba mhúinteoirí iad ó cheart, agus is minic a thosaigh siad ar an mbailiú de thoradh ar a gcuid taithí i Scéim na Scol. Mar shampla, scríobh múinteoir mná amháin nóta ag léiriú a spéise i bpost in CBÉ, nuair a bhí uirthi éirí as a post múinteoireachta:

My folklore collection herewith. I got it completed just now because my teaching career finishes here directly. Any job going in your department of folklore collecting would be very acceptable as I have always had a flair that way. I retire according to the New Rule for women teachers on the 30th inst. If you need a Folklore collector ring me up. Yours Faithfully, (Miss) Mary B. Dunphy.²⁶

Cé nach bhfuil aon fhianaise againn ar mhúinteoirí a d'aistrigh ón seomra ranga go post leis an gCoimisiún mar gheall ar Scéim na Scol, thapaigh an Coimisiún an deis na múinteoirí ba dhíograisí a earcú mar chomhfhreagróirí i Scéim na gCeistiúcháin, scéim ar cuireadh tús léi le linn na tréimhse céanna seo ag deireadh na 1930idí agus a bhí faoi lán seoil le linn na 1940idí.²⁷ Sheoladh an Coimisiún ceistiúcháin i dtaobh topaicí éagsúla chuig an ngréasán comhfhreagróirí a bhí acu agus bhailíodh na comhfhreagróirí úd an t-eolas cuí óna gcuid faisnéiseoirí féin.

Léiríonn an forluí seo idir an dá Scéim gur spreagadh sciar suntasach de na múinteoirí a ghlac páirt i mBailiúchán na Scol chun breis oibre a dhéanamh, ar bhonn deonach, don Choimisiún. In alt amháin ar Scéim na gCeistiúcháin molann Caoimhín Ó Danachair²⁸ obair na múinteoirí in 1937-38 agus tugann sé le fios gur múinteoirí a bhailigh dhá thrian de na ceistiúcháin.²⁹

²³ MacMahon, 1992, *op.cit.*, 111

²⁴ Walsh, 2012, *op.cit.*, 114-5

²⁵ Ó Catháin, 1988, *op.cit.*, 20-21.

²⁶ CBÉS 871:25a

²⁷ Briody, 2008, *op.cit.*, 281 & Ó Catháin, 1988, *op.cit.*, 25.

²⁸ Ó Danachair, C., 1945, 'The Questionnaire System', *Béaloideas* 15: 203-17, 203-4

²⁹ Duine díobh siúd ba ea Brigid Keane (Brigid Ní Chatháin), múinteoir i Scoil Leacht Tíog, An Sráidbhaile, Co. Laoise. Tá breis agus 40 ceistiúcháin a bhailigh sí sa bhaile sin ar líne cheana, féach UCD Digital Library (<http://digital.ucd.ie/?q=brigid+keane>. Ceadaíodh 10 Lúnasa).

3.3 Comhthéacs: na daltaí

Maidir leis na daltaí féin, is minic a bhí siad beo bocht. Ag scríobh faoi thús na 1930idí, i Lios Tuathail, deir Bryan Mac Mahon, 'Odd as it now sounds, it seemed normal that children should have dirty, bloody bare feet, that lice should crawl over their jackets, that flea-marks should pock their bodies, that they should be hungry and poor.'³⁰

Níl mórán tuairisce déanta i mBailiúchán na Scol ar eispéireas na bpáistí féin ar an Scéim, toisc go mbíodh orthu cloí leis na topaicí a leagadh amach faoina gcoinne seachas a bheith ag trácht ar a gcúinsí féin. Is i scoileanna tuaithe a bailíodh bunáite Bhailiúchán na Scol agus is dócha nach dtabharfaí tús áite sa bhaile don ghnó seo nuair a bheadh obair thábhachtach feirmeoireachta le déanamh. B'fhéidir go mbeadh na páistí iad féin ag obair ar an talamh. Agus is minic a bhíodh crúóg oibre ar na faisnéiseoirí, mar is léir ón tagairt seo ó Leitir Fada, Co. Dhún na nGall: 'feirmeoirí uilig a bhfuil na sgealtai acu agus ní bhíonn faille acu suidhe síos le sgealta a innsint acht 'san oidhche indiaidh obair an lae a chríochnughadh.'³¹

Is ó Phádraig Tyers, a ghlac páirt sa Scéim mar dhalta agus a chuaigh le bailiú an bhéaloidis go gairmiúil ina dhiaidh sin, a fhaightear an léargas is grinne ar fheidhmiú Scéim na Scol sa seomra ranga:

Ba thábhachtach leis [an múinteoir, Gearóid Ó Coindealbháin] an béaloideas chomh maith agus sa dara leath de na tríocháidí nuair a d'iarr An Cumann Le Béaloideas Éireann ar phríomhoidí bunscoileanna na tíre a gcuid daltaí a chur ag bailiú béaloidis ina gceantar féin - tugadh *Bailiúchán na Scol* air - is é Garry a ghabh go díograiseach leis an bplean. Gach maidin Dé Luain ar feadh an áirithe sin aimsire thugadh na buachaillí sinsearacha blúire éigin eolais isteach leo a bhíodh faighte acu óna muintir féin nó ó dhuine éigin de na comharsain. Bhí an pheannaireacht néata go leor agam féin agus b'fhéidir gurbh é sin an chúis gur leag Garry mar chúram orm na blúirí go léir a scríobh isteach sa leabhar mór agus clúdach crua air a bhí curtha ar fáil ag an gCumann. Buachaill a bhí ar scoil i mo theannta nuair a casadh orm arís den chéad uair é dhá bhliain ó shin is é a dúirt sé liom: "Dhá rud is cuimhin liom i do thaobhsa. Is tú a scríobhadh na blúirí béaloidis isteach sa leabhar mór do Garry, agus b'fhéidir leat cloch a chaitheamh níos faide ná aon duine eile againn".³²

Dar le Nic Lochlainn níor cuireadh béim, agus an Scéim á leagan amach, ar ról na bpáistí féin mar shealbhóirí traidisiúin; bhí sé i gceist go n-úsáidfí an Scéim le seanchaithe agus sealbhóirí traidisiúin a aithint agus go ndíreofaí orthu i gceart ar ball.³³ Cosnaíodh na daltaí ar chuid den ábhar béaloidis, ar nós pisreoga³⁴, ach ní hannamh mar sin féin a insíodh scéalta foréigneacha do na páistí. Luann Nic Lochlainn scéalta a bhaineann le síofraí agus an

³⁰ MacMahon, 1992, *op.cit.*, 8; féach freisin Máirtín, C., 2003, *An Máistir: an Scoil agus an Scolaíocht i Litríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, Caib.6.

³¹ CBÉS 1036:322a.

³² Tyers, P, 2003, *Sliabh gCua m'Óige*. An Daingean: An Sagart, 19-20.

³³ Nic Lochlainn, C., 2016, "'A work of National Importance": Child-Adult Dynamics in Bailiúchán Na Scol/The Schools' Collection, 1937-39'. *The Journal of the History of Childhood and Youth*, 9.2: 203-11.

³⁴ Nic Lochlainn, 2016, *op.cit.*, 204

drochbhail a tugadh dóibh a fágadh as an áireamh i bhfoilseacháin chomhaimseartha ach atá coitianta go leor i mBailiúchán na Scol³⁵.

Níor mhair na cóipleabhair féin i gcónaí ar chúiseanna éagsúla; mar shampla, cuireadh d'iallach ar scoil Ros na Cathrach, Co. Chorcaí, a gcuid féin a scrios faoi orduithe Oifigeach Leighis an Chontae toisc gur bhris diftéire amach i measc na bpáistí.³⁶ Mar an gcéanna le scoil Bhaile na Cille, Co. Laoise: is léir nár éirigh go maith leis an Scéim mar gheall ar chúrsaí nach raibh neart acu orthu: 'Owing to poor attendance due to school alterations, inclement weather, Fair Days, and epidemic we have been prevented from collecting as much folklore as in more favourable circumstances'.³⁷ I gcás Scoil Naomh Pádraig, Achadh na Cloiche, Co. an Longfoirt, deir an múinteoir go raibh an scoil druidte i rith an fhómhair toisc go raibh obair atógála ar siúl agus go mbeadh i bhfad níos mó bailithe ag na páistí murach sin.³⁸

4. Meon na múinteoirí

Pléitear thíos samplaí sonracha ó Bhailiúchán na Scol a léiríonn gnéithe éagsúla de mheon na múinteoirí i leith Scéim na Scol, i leith na ndaltaí agus i leith an ábhair a bailíodh ina scoil féin.

4.1 Meon i leith na Scéime

Bhí caidreamh á chothú idir Coimisiún Béaloideas Éireann, An Roinn Oideachais agus Cumann Múinteoirí Éireann go luath sna 1930idí mar is léir ón tuairisc seo in *Scéala Éireann*: 'The Department of Education invites teachers to render material assistance in the work of collecting, conserving and popularising the nation's folklore'.³⁹

Ba léir gur spreagadh mór do chuid de na múinteoirí an caidreamh seo. Duine díobh siúd a bhí gníomhach ón tús ba ea Daithí Ó Ceanntabhail, Scoil Chromadh, Co. Luimnigh, a bhfuil bailiúchán bhreá uaidh ó 1934 go 1938.⁴⁰ Tá nótaí fada in éineacht leis an ábhar seo agus i gceann acu ó 1935 gabhann sé buíochas le Séamus Ó Duilearga as a chuid saothair a mholadh: 'Ní mor dhom admháil a bhuidhighe is atáim de'n Dochtúir Léigheanta, Séamus Ó Duilearga, de bharr a ndubhairt sé ag moladh an chéad bhailiúchán a dheineas. Táim buidheach dhe leis, ar son a ndubhairt "Scéala Éireann" na thaoibh'.⁴¹

³⁵ CBÉS 103:343, mar shampla.

³⁶ CBÉS 286:71.

³⁷ CBÉS 831:93a.

³⁸ CBÉS 761:148.

³⁹ 7 Aibreán, 1934; luaite in Ó Catháin, 1988, *op.cit.*, 20.

⁴⁰ CBÉS 506 & 507.

⁴¹ CBÉS 506:502. 'The first compiled notebook of National Tradition was received by the institute quite recently. It was compiled by Daithí Ó Ceanntabhail, Scoil na mBuachaillí, Cromadh, County Luimhighe, and is one of the finest collections of oral traditions ever made in this country.' 'Saving rural traditions: Teacher's work of collection', *Scéala Éireann*, 9.1.1935. Bhain an píosa in *Scéala Éireann* leis an gcéad tionscnamh chun eolas faoi na toibreacha beannaithe a bhailiú, ábhar a bhailigh baill de Chumann Múinteoirí Éireann féin agus ní na páistí.



Dáithí Ó Ceanntabhail, Scoil Chromadh, Co. Luimnigh⁴²

I roinnt mhaith cásanna, ba ar an múinteoir féin a thit sé tabhairt faoin obair bhailithe, mar shampla de cheal daltaí sinsearacha mar a mhíníonn Máiréad Ní Shnoidigh, scoil Leitir Mhachaire, Co. Mhaigh Eo: 'Níl ach fíor bheagán sgoil sa sgoil seo, mar sin din, do bhailigh mé féin an chuid is mó de'n ádhbhar annseo agus annsiúd'.⁴³ Tá dhá bheart scéalta ó Scoil Ardachaidh, Ó Méith, Co. Lú, ceann a bhailigh na páistí agus ceann a bhailigh an múinteoir, Brian Mac Craith. Bhí corrchainteoir dúchais Gaeilge fós sa cheantar an t-am sin agus baineann bailiúchán an mhúinteora leis na scéalta Gaeilge, 'toisg nach mbéadh ar chumas na ndaltaí an bailiúchán áirithe seo a dheánamh, mé fhéin a rinne é'.⁴⁴ Is léir ón aguisín a scríobh Micheál Ó Gealabháin, Scoil an Chlochair, Co. Mhaigh Eo, go raibh sé an-mhórtasach as toradh a bhailithe agus go raibh ceangal láidir aige leis an saothar:

In putting this book from me all that I ask is that it is treated with reverence and handled tenderly and with care. It has been my foster-child for a twelve-month. What it contains has all been collected by myself and most of it written by my own hand.⁴⁵

Fágann sé slán ag an saothar, 'mo bheannacht leat, a sgríbhinn'.⁴⁶

Fiú murar bhailigh na múinteoirí an t-ábhar féin, scríobh cuid acu an t-ábhar bailithe isteach sna cóipleabhair. Maidir le Scoil Cheathrú Thaidhg, Co. Mhaigh Eo, mar shampla, rinneadh

⁴² CBÉS 506:300.

⁴³ CBÉS 87:143.

⁴⁴ CBÉS 658:203.

⁴⁵ CBÉS 95:168.

⁴⁶ *ibid.*

é seo cheal ama agus an chuid eile den churaclam á teagasc i gcónaí agus le botúin litrithe a sheachaint. Rinne na múinteoirí an obair seo ina gcuid ama féin de réir dealraimh:

Mé féin agus Pádhaic Ó Gacháin, an dara congantóir, a scríobh isteach ins na leabhra oifigeamhla furmhór mór d'á bhfuarthas ó na páistí. Rinneamar é seo toisc go raibh sé ag cur isteach ar obair na scoile na páistí a bheith i mbun an aithscríobhtha seo. Idir béilí scoile, agus laige litriucháin, gan trácht ar rudaí eile, shíleamar gurbh fheárr do'n bhéaloideas, do na páistí scoile, agus dúinn féin, sinn fhéin an t-aithscríobhadh a dhéanamh taobh amuigh de am scoile.⁴⁷

Ní mór a chur san áireamh go raibh brú áirithe ag baint le Scéim na Scol i gcás na múinteoirí sa dóigh go mbeadh dea-theist ar chumas an mhúinteora dá n-éireodh leis an Scéim ina scoil, mar a léirítear sa chiorclán a cuireadh chuig na scoileanna:

Nuair a bheidh réim an Oide á meas ag an gCigire sa mhéid a bhaineas le múineadh ceapadóireacht Gaedhilge agus Béarla féachfaidh an Cigire cé'n deis a fuair an t-oide chun an scéim seo d'oibriú. Ní measfar éifeacht an oide i múineadh an adhbhair atá i gceist a bheith íslighthe de bharr obair an scéim seo ach b'fhéidir go measfar é bheith árdúighthe má's léir gur oibrigh an t-oide agus na leanbháí go feidhmiúil ionmholta chun scéalta agus seanchais an cheanntair do chnuasach agus do scríobhadh síos.⁴⁸

Tá umhlaíocht don chigireacht luaithe ag Walsh thuas, agus tá sé le sonrú freisin i gcuid de na nótaí a bhreac na múinteoirí sna himleabhair maidir le fiúntas agus méid an ábhair a bailíodh mar aon le nótaí leithscéalacha eile a fheicfead ar ball. Bhí dea-thionchar ag an gcigire ar Dhíarmuid Ó Muímhneacháin, Scoil Chnoc na Graí, Co. Chorcaí. Dúirt sé i mbrollach an imleabhair go raibh sé faoi chomaoin ag Seán Ó Súilleabháin, CBÉ, agus ag Seosamh Ó Conchubhair, cigire, 'bé Seosamh uasal a threóruigh mé san obair gach uair a thug sé cuaird ar an sgoil'.⁴⁹ I gcásanna eile áfach, ba léir gur mhaith le múinteoirí a thaispeáint gur chomhlíon siad dualgais na Scéime in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí le sárú, mar a tharla i gcás Chlochlar na Trócaire, Tiobraid Árann: 'Likely what has been collected is of very little use, but the effort to comply with the Commission's request has been made'.⁵⁰

4.2 Meon i leith na ndaltaí

Is minic tuairim dhearfach á léiriú ag an múinteoir faoi dhíograis agus faoi thoilteanas na bpáistí i leith na Scéime. Ag tagairt do Scoil na mBráithre Críostaí i Muineachán, deir an t-oide M. Ó Floinn nach raibh mórán den traidisiún Gaelach ar marthain sa cheantar agus gur

⁴⁷ CBÉS 131:2.

⁴⁸ Ciorclán 9/37 den Roinn Oideachais, 1937, *op. cit.*

⁴⁹ CBÉS 358:299. Leanann sé leis: 'Is mór an t-áthas dom an leabhar suarach sp do bhronnadh ar an mbeirt fhear uasal san, agus guidhim go sábhálaidh Dia iad agus go gcabhairidh sé leo chun an deagh-obair do chríochnughadh'. Tá litir aige chuig Seán Ó Súilleabháin i dtús an imleabhair chéanna agus deir sé go ndearna sé an obair Sheán amháin: "A Sheáin, ní i gcóir na hOifige [Oifig an Oideachais] ná aoinne eile ach tusa féin a dheineas an obair... tá súil agam go dtaitneóchaidh síad leat", CBÉS 358:298.

⁵⁰ CBÉS 578:220.

cheap sé ar dtús gur obair in aisce a bheadh sa Scéim. Deir sé gur spreag an cigire na daltaí chun dul i mbun bailithe agus dá thoradh sin, 'they became most enthusiastic and the result is this book. If it proves of little value please do not blame our children. They did their best and imagine they have done wonders'.⁵¹

Is léir in amanna go raibh an múinteoir ag brath go háirithe ar dhalta amháin leis an obair a chur i gcrích, agus i gcás amháin, rinne an múinteoir M. Ó Caiside (Michael J. Cassidy), Scoil Thuaim Dheise, Co. Mhaigh Eo, iarratas go bhfaigheadh an dalta aitheantas as a cuid oibre: 'One girl in particular gave me great assistance - Mary Neary of Tumgesh. Would I be unreasonable in asking that a little word of acknowledgement would at some date be sent to her personally for her trouble?'.⁵² Chinntigh Seán Ó Loingsigh, Scoil Bhaile Uí Dhuinn, Co. Chiarraí, go bhfaigheadh Máighréad Ní Dhéada (14) an t-aitheantas a bhí tuillte aici agus grianghraf di a ghreamú de leabhar na scoile.⁵³



Máighréad Ní Dhéada (14), Scoil Bhaile Uí Dhuinn, Co. Chiarraí⁵⁴

Tá leideanna ann gur bhain cuid de na daltaí an-sásamh as páirt a ghlacadh sa Scéim. Dúirt M. Ó Caiside, oide i scoil Thuaim Dheise, Co. Mhaigh Eo gur thaitin an Scéim go mór leis féin agus leis na páistí: 'No branch of work has given me greater pleasure since I

⁵¹ CBÉS 957:221.

⁵² CBÉS 123:96a.

⁵³ CBÉS 429:1.

⁵⁴ CBÉS 429:1b.

commenced to teach, and the children simply loved it'.⁵⁵ Bhailigh Pádraig Ó Heifearnáin (P.J. Heffernan) agus a chuid daltaí, scoil Chamrois, Laois, breis agus 800 leathanach a cuireadh chuig an gCoimisiún i dtrí bheart. I nóta atá leis an mbeart deiridh is léir gur chruthaigh an obair comrádaíocht idir na páistí agus an múinteoir: 'If the matter in this book makes you laugh, we shall be fully repaid for whatever trouble we have had in collecting it. Our "war-cry" at the present time is:- where is *Druim Sneachta*? We are: fraternally, P.J. Heffernan & Na Páistí'.⁵⁶

4.3 Meon i leith an ábhair

Den chuid is mó bíonn ríméad agus mórtas le brath sa mhéid a bhíonn le rá ag múinteoirí i leith ábhar a scoileanna féin, mar a chonacthas thuas. Léiríonn nótaí tráchta a d'fhág múinteoirí áirithe eile, áfach, go raibh siad amhrasach, leithscéalach nó fiú amháin dímheasúil i leith an ábhair béaloidis a bhí cruinnithe le chéile acu. Dar le Brighid Ní Chatháin, Scoil Leacht Tíog, An Sráidbhaile, Co. Laoise, go raibh cumha maoithneach agus bród ar mhuintir Laoise a chuir srian leis an eolas a sceith siad maidir le cúrsaí cruatain:

You know how hard it is to get details from the elder members of a family. Here they enshrine their early life in a halo, and will not admit that scarcity or hardship prevailed in their homes. The Leix people are "Poor & Proud" - too prone to boast of their grandeur.⁵⁷

I sliocht eile, as Ailt an Chorráin, Co. Dhún na nGall, gabhann an múinteoir, Doimín Ó Cealaligh, leithscéal as a laghad filíochta a bhailigh na gasúir: 'Measaim féin go bhfuil an saoghal ró-dhian agus ró-chruaidh san iargcúltacht easchairdeach chulrosga seo le feith na filíochta do spreagadh i mbunadh na mbachtaí...'⁵⁸ Tá Séamas Mac Giolla Bhríde, a bhí lonnaithe i scoil Dhún Lúiche, Co. Dhún na nGall, níos diúltaí fós nuair a deir sé: "'Is dealuigh olainn a bhaint de ghabhar. Tá sé chomh deacair béal oidheachas a chruinneadh i gceanntar nuair nach bhfuil sé ag na daoíní.'⁵⁹

Bíonn amhras le brath go minic i dtaobh an ábhair a bailíodh sna bailte móra. Is léir ó na ciorcláin⁶⁰ a scaip an Roinn Oideachais i dtaobh Scéim na Scol nach raibh an oiread sin measa ag lucht eagraithe na Scéime féin ar an saghas ábhair béaloidis a thiocthadh ó na cathracha nó tugadh cead do scoileanna cathrach áirithe gan a bheith páirteach sa Scéim.⁶¹

⁵⁵ CBÉS 123:96.

⁵⁶ CBÉS 827:3.

⁵⁷ CBÉS 837:99.

⁵⁸ CBÉS 1062:1. I gcás Scoil Bhaile na Cúirte, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge (CBÉS 646:153a), deir an múinteoir Muiris Breannóc: 'Níor deineadh bailiúchán sa scoil de bhrígh ná raibh aoinne sa scoil a d'fhéadfadh aon rud a sgríobh síos ó'n mbeirt sa Pharóiste go raibh Gaedhilg aca. Tá roinnt an-bheag sa leabhar a bhailigheas féin.'

⁵⁹ CBÉS 1065:200.

⁶⁰ 'Beidh sé do chead ag lucht stiúrtha na scoileanna i gcathair Bhaile Átha Cliath, i gcathair Chorcaighe, i gcathair Luimnighe agus i gcathair Phortláirge leanamhaint d'á scéim cheapadóireachta féin nó glacadh leis an scéim nua so do réir mar a oirfidh dóibh...Is léir, chomh maith, go bhfuil ceanntair is lugha béaloideas agus seanchas ná a chéile ar chúis éigin fé leith, agus ceanntair eile go bhfuil an t-adhbhar go tiugh ionnta ach ná bainfidh na leanbhaí feidhm iomlán asta de bharr neamhshuime na seanmhuintire nó ar chúis éigin eile. Féadfaidh múinteoir i gceanntar mar sin an cas a mhíniú do'n Chigire féachaint ar mbeidh sé ceadmhach dó gan an obair a bhaineas leis an scéim seo a dhéanamh nó gan ach cuid di a dhéanamh' Ciorclán 9/37 den Roinn Oideachas, *op.cit.*

⁶¹ Tá comhthéacs an chinnidh seo cíortha ag Briody, 2007, *op.cit.*, 449-450.

Léiríonn sleachta ó scríbhinní na múinteoirí⁶² go raibh tuiscint ar leith acu ar an mbéaloideas agus ar an sórt ábhair a bhí luachmhar agus go raibh sé seo claonta i gcoinne phobal na mbailte móra agus i gcoinne daoine ar measadh gur stráinséirí iad.

Má creideadh gur faoin tuath is fearr a mhair an béaloideas, tá corthagairt anseo is ansiúd a léiríonn cérbh iad caomhnóirí an traidisiúin sin. Is ábhar spéise an méid atá le rá ag S. Mac Carrghamha (Joseph P. Caron), oide i scoil Naomh Seosamh, Cill Lasrach, Co. Mhaigh Eo: 'The persons from whom the material was got are all farmers or the wives of farmers. As to when they first heard these stories I should like to say that "they grew up with them".⁶³ Tá a mhalairt de chás luaite le fáil sa chuntas seo ar dhaltaí scoil Dartry House, Co. Mhuineacháin, nuair a thagraítear do 'the children of workers on the Dartrey estate who are only birds of passage only having been here for 5 or 6 years'⁶⁴. Feictear an meon céanna seo i nóta a d'fhág múinteoir i gCill Tiarnáin, Co. Bhaile Átha Cliath, inar mhínigh sí gur tugadh díolúine don scoil gan béaloideas a bhailiú toisc gur dhílleachtaí iad a gcuid daltaí.⁶⁵

I scoil Áth Garbháin i gceantar Champa an Churraigh, Co. Chill Dara, ba de bhunadh an Chláir an múinteoir, Bríghid Bean Mhic Niocaill, agus baineann an t-ábhar i leabhar na scoile lena ceantar dúchais. Bhraith sí nárbh fhiú ábhar a bhailiú i gceantar na scoile agus luann sí a ghaire a bhí an scoil do Champa an Churraigh:

Ní béal-oideas Chille Dara atá annso in aon-chor ach béaloideas mo bhaile dúthchais féin - Cill Mháille, Co. an Chláir. Is ó m'athair - Séumas Ó Gráda a fuair na scéalta go léir atá curtha síos annso agam.... Níor dheineas aon iarracht ar bhéal-oideas Átha Gharbháin do bhailiú mar ní dóigh liom go bhfuil a leithéid ann. Tá an áit seo comh comhgarnach do Champa an Churraigh gurb ionann na daoine atá 'na gcomhnuidhe mór-thimcheall na scoile agus muintear Aldershot.⁶⁶

Níorbh í Bean Mhic Niocaill amháin a luaigh drochthionchar Champa an Churraigh. Luaigh oidí scoileanna Bhaile an Bhrúnaigh gur beag duine de bhunadh na háite a bhí ina gcónaí sa cheantar. Deir Micheál Ó Comhraidhe, oide scoil na mbuachaillí:

The amount of *beuloideas* I have been able to collect in this district is very small. Of the children who attend this school, no more than from 50% to 60%, on an average, are natives of this district, and with regard to their parents, about 80% to 90% are non-natives of the area. There are rarely more than one or two farmers' families amongst the school children, and sometimes none.... They consist of remnants of the British Army (ex-soldiers who settled in the district), workers of various classes who were employed on the Curragh either under the British or Irish Governments; and stable hands in the local training stables.

⁶² Féach CBÉS 524:104, CBÉS 578:220, CBÉS 898:135.

⁶³ CBÉS 126:99.

⁶⁴ CBÉS 945:002

⁶⁵ CBÉS 797:93

⁶⁶ CBÉS 776:100. Tá scéalta Gaeilge agus Béarla i measc ábhar na scoile seo. Féach freisin Scoil Bhaile Phib, Baile Átha Cliath, CBÉS 799:165-303. Bhailigh an múinteoir an t-ábhar ar fad agus baineann sé le ceantar Fhearnaí, Co. Mhuineacháin. Is cosúil gurbh as an gceantar sin ó dhúchas dó. Tá leath de na scéalta ó Scoil na hAille, Baile Átha Cliath as Gaeilge agus deir an múinteoir, Cathal Mac Fhionntaigh, gur bhailigh sé iad i dTír Chonaill: CBÉS 787:99.

Owing to the shifting nature of the majority of the population there is practically no trace of the Irish atmosphere usually met with in country districts, and little knowledge of history or tradition.⁶⁷

Bhí an port céanna ag Bean Uí Dhubhshláine (Maud Delaney) i scoil na gcailíní agus chuir sí agus sa ráiteas: ‘When I came here the children called Hallow Eve “Guy Fox Night” even’.⁶⁸ D’fhág riail na Breataine a lorg ar cheantar Dhún Droma, Baile Átha Cliath, chomh maith, dar le Andrew T. Walsh, oide i scoil áitiúil na mbuachaillí:

The district was a stronghold of Protestantism with a dominating Protestant outlook, and pro-British bias.... Most of the inhabitants were servitors of the ruling Protestant order, or dependent for their living, directly or indirectly, on their patronage or good will. The cumulative effect of this continuous influence, whatever its reactions originally were, produced in time conditions, social and psychological, that were fatal to the preservation of tradition.⁶⁹

Rinne múinteoir áirithe i scoil in Inis Eoghain Thoir, Co. Dhún na nGall, cásamh gur dhoiligh dó béaloideas a bhailiú mar gheall ar an easpa Gaeilge sa cheantar: ‘Is deacair béal oideachais a chruinniú sa cheanntar seo. Níl moran ann a mbeadh suim ar bith san obair acu agus níl Gaedhilg ar bith ann’.⁷⁰ Bhí dlúthbhaint ag an Ghaeilge leis an traidisiún dar le Séamus Ó Maolchathaigh, oide i scoil na Gráinsí, Tiobraid Árann; d’imigh an traidisiún le himeacht na Gaeilge, dar leis:

There is a great dearth of oral tradition in this Parish compared with the Parish of Newcastle which bounds it in the South. It appears to me that all the old traditions in this parish went with the Irish language.⁷¹

Cainteoir dúchais Gaeilge ó cheantar an Chaisleáin Nua a bhí in Séamus agus má bhí an traidisiún fós beo ina cheantar dúchais féin, níorbh fhada go mbeadh sí imithe:

There are hardly any bits of tradition about Cromwell or Father Sheehy for example, whereas I heard several stories about them among the Irish speakers in Newcastle Parish. I believe these traditions are disappearing in Newcastle Parish too among those who speak only English.⁷²

Bhí an tuairim chéanna ag Maitiú Ó Duinn, Scoil Abhóca, Co. Chill Mhantáin i réamhrá d’ábhar na scoile sin a dhíríonn go hiomlán ar scéal na Gaeilge sa chontae: ‘Chaill na daoine na seana-nósanna, na béasa agus béal oidis Gaedhealach beagnach ar fad, agus gur chlaoidheadar leis an mBéarlachas agus gach ar bhain leis’.⁷³ Thiomnaigh sé an leabhar do thaisí Ghaeilge Chill Mhantáin agus é ag súil lena cothú arís:

⁶⁷ CBÉS 777:2.

⁶⁸ CBÉS 777:17.

⁶⁹ CBÉS 797:191.

⁷⁰ CBÉS 1124:192.

⁷¹ CBÉS 571:1b.

⁷² *Ibid.* Maidir le Séamus, féach Diarmuid Breathnach & Máire Ní Mhurchú, Ó MAOLCHATHA, Séamus (1884-1968) ar ainm.ie: <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=761>. Ceadaíodh 15 Márta 2017.

⁷³ CBÉS 925:194.

‘Sé cuspóir an leabhair seo an mhíán agus an meóin in gach a bhaineann leis an nGaedhilg do chothughadh, agus an dual ceart in gach íarsma Gaedhilge tá fágtha againn do chur ar aghaidh.... Cúis bhróid dúinn a bheith páirteach i deagh-obair mar seo, clú agus cáil ár dtíre do chur in áirde cómh fada agus tig linn é dheunamh.⁷⁴

Baineann tús an imleabhair le focail Ghaeilge a bhí le cluinstitín i mBéarla na háite agus le logainmneacha áitiúla.

5. An múinteoir mar eagarthóir

Sa chiorclán a scaip an Roinn Oideachais ar na scoileanna i mí Mheán Fómhair 1937⁷⁵ tugadh treoir do na múinteoirí maidir leis an ábhar a bhaileodh na páistí a chur in eagar. Ba chóir do na múinteoirí scoth an ábhair a roghnú ó chóipleabhair na bpáistí agus é a aistriú go dtí na himleabhair oifigiúla. An príomhspríoc a bhí leis an treoir seo, is cosúil, ná chun an t-athrá a sheachaint.⁷⁶

Ní dhéantar tagairt ar bith sa chiorclán ná sa treoirleabhar do chúrsaí cóipeagarthóireachta, áfach, agus is léir ó nótaí na múinteoirí go raibh cuir chuige éagsúla acu ina leith. Deir múinteoirí áirithe⁷⁷ gur breacadh isteach an t-ábhar díreach mar a fuarthas é ach tugann múinteoirí eile le fios go ndearna siad eagarthóireacht chuimsitheach ar an ábhar a roghnaíodh.⁷⁸ Is mór an cuidiú don taighdeoir nuair a bhíonn teacht ar a leithéid de nóta ach is annamh a fhaightear ráitis shonracha mar iad, rud a fhágann go mbíonn sé riachtanach cúlra agus cur chuige an mhúinteora a chur san áireamh agus cúrsaí teanga faoi scrúdú, bíodh sin i nGaeilge nó i mBéarla. Tá an t-ábhar a bhailigh páistí scoile Inis Meáin, Co. na Gaillimhe, curtha in eagar ag Ciarán Ó Coigligh agus dar leis go bhfuil an Ghaeilge atá le léamh sna scríbhinní sin go mór faoi anáil an mhúinteora agus deir sé nár ‘chuimhnigh siad riamh air go mba cheart dóibh cloí le Gaeilge scríofa a léireodh Gaeilge labhartha Inis Meáin chomh cruinn agus ab fhéidir.’⁷⁹ Os a choinne sin, dar le Donall Ó Baoill ina leabhar ar ábhar scoileanna Ghaith Dobhair, Co. Dhún na nGall, gur féidir ‘a rá i gcoitinne gur Gaeilge na háite atá san ábhar ar fad taobh amuigh de roinnt eisceachtaí’.⁸⁰ Ina leabhar ar ábhar Scéim na Scol a bailíodh i gCeathrú Thaidhg, Co. Mhaigh Eo, deir Ó Catháin agus Uí Sheighin

⁷⁴ CBÉS 925:195.

⁷⁵ Coimisiún Béaloideasa Éireann 1937. *Irish Folklore and Tradition*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Leagan Gaeilge: *op.cit.*

⁷⁶ Áitíonn Ó Catháin 1988, *op.cit.*, 28, gur fágadh ábhar fiúntach ar lár mar gheall ar an treoir seo: ‘Bhí de thoradh ar an pholasáí seo gur fágadh roinnt mhaith ábhair bhéaloidis ar lár insna cóipleabhair mhóra oifigiúla seo, mar nach raibh i gceist ann ach athrá gan mhaith, dar leis na múinteoirí. De réir na teorach seo, ba aistí amháin go raibh cinsireacht den chineál seo le himirt orthu ach, mar a tharla sé, ba ró-mhínic a chuaigh an treoir seo i bhfeidhm ar ábhar eile seachas ábhar na n-aistí seo. Tá go leor fianaise ann nach athrá gan mhaith a bhí i gcuid mhaith den ábhar seo a fágadh ar lár.’

⁷⁷ Féach, mar shampla, CBÉS 024:201: ‘Tá na sgéalta níl, sgríobhtha síos annseo go díreach mar fritheadh óna senchaidhthe iad’; CBÉS 1086:187: ‘I have made no attempt to “polish up” the stories written by the pupils. They probably contain lots of errors in grammar....’

⁷⁸ Féach, mar shampla, CBÉS 948:98: ‘Except for minor corrections of grammar, spelling, repetition etc. I have copied exactly as collectors wrote the matter’.

⁷⁹ Ó Coigligh, Ciarán (eag.), 1990, *Seanchas Inis Meáin as Baillúchán na Scol*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 10.

⁸⁰ Ó Baoill, Dónall (eag.) 1992. *Amach as ucht na sliabh : cnuasach béaloidis a chruinnigh daltaí sna Scoileanna Náisiúnta i bParóiste Ghaith Dobhair faoi Scéim na Scol 1937-’38. Imleabhar 1 & 2. Gaoth Dobhair: Cumann Staire agus Seanchais Ghaith Dobhair, Iml.1 xxiii*

gurb í ‘Gaeilge Iorrais atá ar taispeáint go bunúsach anseo’.⁸¹ Ach luann an bheirt acu leaganacha nach mbeadh ag teacht le canúint na háite: *ar an dtalamh, chaithidís in áit chaithfeadh siad* etc..

De bharr na míthuisceana, is dócha, chuathas thar fóir leis an eagarthóireacht nuair a rinneadh aistriúchán ar ábhar a bailíodh i mBéarla i roinnt cásanna. Tá sé seo le sonrú i gcás Scoil Chamrois, Co. Laoise:

‘This first portion is done through Irish. I understood that the matter should be given through Irish in the beginning. I learned through a Folklore Lecture given in Mountrath by Mr. Delargy that the matter could be submitted through English’.⁸²

Maidir le Scoil Chill Mhic Eoghain, Co. Chorcaí, is i mBéarla atá scéalta tosaigh na caibidle agus ansin tá roinnt mhaith scéalta Gaeilge ann agus an nóta mínithe seo leo: ‘Do tugadh an sgéal seo dhom i mBéarla’ nó ‘chuala an sgéal seo i mBéarla’.⁸³ Is amhlaidh atá scéalta tosaigh Scoil Ghleann Gabhrach, Co. Chorcaí, ach gur tiontaíodh ar an mBéarla toisc gur ‘chómharluigh an cigire dom é do thabhairt tré Bhéarla, ós rud é go bhfuair na scoláirí é ins an módh sin’.⁸⁴ Ní léir cad a thug ar an múinteoir na scéalta seo a aistriú ach ní miste bheith buíoch den nóta seo, óir is cinnte go bhfuil ábhar aistrithe eile ann agus dada ráite ina thaobh, féach mar shampla ábhar Chlochar Ghlas Tuathail, Baile Átha Cliath, naoi scéal a bhaineann leis an gceantar féin mar aon le sonraí na mbailitheoirí atá go hiomlán as Gaeilge.⁸⁵ D’fhéadfadh sé freisin go mbaineann an t-aistriúchán agus an Gaelú a rinneadh ar scéalta agus ar ainmneacha⁸⁶ le meon a cheap gurb ionann an Ghaeilge agus an béaloideas, meon atá pléite thuas.

6. Conclúid

Agus Bailiúchán na Scol á scagadh, ní mór suntas a thabhairt i gcónaí do thionchar agus do ról lárnach na múinteoirí. Is iad is mó is cúis leis na difríochtaí ó scoil go scoil, idir thoir an ábhair, theanga (agus chanúint/chaighdeán) agus fheabhas. Nuair a bhí dearcadh dearfach acu ar bhéaloideas a gceantair, rud a bhí go minic, bhí a rian sin ar obair a ndaltaí, agus is minic a rinne siad féin obair na gcapall le hábhar a chur ar an taifead. Nuair nach raibh an dearcadh sin acu, is beag ábhar a cuireadh ar fáil - gan trácht ar na scoileanna sin nár ghlac páirt sa Scéim in aon chor. Tá ár mbuíochas tuillte go maith acu.

⁸¹ Ó Catháin, Seámas agus Uí Sheighin, Caitlín (eag.), 1987. *A mhuintir Dhú Chaocháin, labhraígi feasta! Cnuasach béaloidis a bhailigh daltaí de chuid Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg, Iorras, Contae Mhaigh Eo, faoi Scéim na Scol 1937-1938*. Indreabhán: Cló Chonamara, xxxii-xxxiii.

⁸² CBÉS 826:128.

⁸³ CBÉS 276:42, 54.

⁸⁴ CBÉS 380:189.

⁸⁵ CBÉS 798:2.

⁸⁶ Ní annamh a bhíonn sonraí an pháiste i nGaeilge fiú sa Ghalltacht; féach mar shampla scoil Naomh Bríd, Carraig an tSionnaigh, Baile Átha Cliath (CBÉS 799:1). Bhí gaol le bailitheoir de chuid na scoile sin i dteagmháil le foireann dúchas.ie toisc go raibh deacrachtaí aici teacht ar an ábhar a bhailigh a sinsear - bhí an t-ainm cláraithe faoin sloinne Gaeilge ‘Ní Lideadha’ in áit ‘Licken’, mar ab aithne uirthi. B’fhéidir gurbh é tionchar na scoile ba chúis le cailín amháin ón gCreig Dhubh, Cor an Dola a bheith cláraithe mar ‘Siobhán Ní Bhig’ agus mar ‘Siobhán (Ní) Smallaigh’ - ‘Tomás Ó Smallaigh’ atá ar an athair (CBÉS 25:348, 374). Tá ‘Thomas Small’ - a raibh Gaeilge agus Béarla aige - luaite leis an gCreig Dhubh i ndaonáireamh 1911 (Baile fearainn: Cregduff; Toghroinn: Annaghdawn). (Ar fáil ar líne: <http://www.census.nationalarchives.ie>. Ceadaíodh ar 14 Márta 2017.)